Comhairle AE

PRESS GA

**PREASEISIÚINT**
144/16
18/03/2016

# Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, 18 Márta 2016

Bhuail Airí na Comhairle Eorpaí lena gcuntraph//áirtí ón Tuirc inniu. Ba é an tríú huair acu teacht le chéile ó mhí na Samhna 2015 agus iad ag iarraidh an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc a dhoimhniú agus aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na himirce.

Rinne Comhaltaí na Comhairle Eorpaí comhbhrón ó chroí le muintir na Tuirce tar éis an ionsaí buama a rinneadh in Ankara Dé Domhnaigh. Cháin siad an gníomh millteanach seo agus dúirt siad arís go dtacaíonn siad i gcónaí leis an gcomhrac in aghaidh an uile chineál sceimhlitheoireachta.

D'athdhearbhaigh an Tuirc agus an tAontas Eorpach go bhfuil siad tiomanta dá bplean gníomhaíochta comhpháirtí, a gníomhachtaíodh ar an 29 Samhain 2015, a chur chun feidhme. Tá cuid mhór dul chun cinn déanta cheana: tá a margadh saothair oscailte ag an Tuirc do na Siriaigh sin atá faoi chosaint shealadach, tá ceanglais nua víosaí tugtha isteach do Shiriaigh agus do náisiúnachtaí eile, tá iarrachtaí slándála níos fearr á ndéanamh ag garda cósta agus ag póilíní na Tuirce agus tá comhroinnt faisnéise á déanamh ar bhealach níos fearr. Thairis sin, tá an tAontas Eorpach tosaithe ag eisíoc na EUR 3 billiún ón tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc do thionscadail nithiúla agus tá dul chun cinn déanta san obair maidir le léirscaoileadh víosaí agus sna cainteanna maidir le haontachas, lena n-áirítear oscailt Chaibidil 17 i mí na Nollag seo caite. Ar an 7 Márta 2016, chomhaontaigh an Tuirc go nglacfadh sí ar ais go gasta na himircigh uile nach raibh cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus a bhí ag trasnú ón Tuirc go dtí an Ghréig agus go nglacfadh sí ar ais na himircigh neamhrialta uile a ghabhfaí in uiscí na Tuirce. Chomhaontaigh an Tuirc agus an tAontas freisin go leanfaidís de dhlús a chur leis na bearta in aghaidh na smuigléirí imirceach agus ba dhíol sásaimh dóibh gur cuireadh tús le gníomhaíocht ECAT sa Mhuir Aigéach. Ag an am céanna, aithníonn an Tuirc agus an tAontas go gcaithfear tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh, go beo agus go bríomhar.

D'fhonn an tsamhail ghnó atá ag na smuigléirí daoine a chur ó mhaith agus d'fhonn an dara rogha a thabhairt d'imircigh - seachas a mbeatha a chur i mbaol, chinn an tAontas agus an Tuirc inniu deireadh a chur leis an imirce neamhrialta ón Tuirc go dtí an tAontas Eorpach. Chomhaontaigh siad na pointí gníomhaíochta seo a leanas d'fhonn an sprioc sin a bhaint amach:

1) Cuirfear na himircigh neamhrialta nua uile a thrasnóidh ón Tuirc go dtí oileáin na Gréige amhail ón 20 Márta 2016 ar ais go dtí an Tuirc. Déanfar an méid sin agus dlí an Aontais Eorpaigh agus an dlí idirnáisiúnta á gcomhlíonadh ina n-iomláine, agus ní cheadófar aon ionnarbadh comhchoiteann mar thoradh air sin. Déanfar na himircigh go léir a chosaint i gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta agus i gcomhréir le prionsabal an non-refoulement. Is beart sealadach, urghnách é seo atá riachtanach chun deireadh a chur le fulaingt na ndaoine agus an t-ord poiblí a bhunú an athuair. Déanfar na himircigh a thiocfaidh isteach ar oileáin na Gréige a chlárú mar is cuí agus próiseálfaidh údaráis na Gréige aon iarratas a dhéanfar ar thearmann go leithleach i gcomhréir leis an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn, i gcomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. Na himircigh sin nach bhfuil tearmann á iarraidh acu nó nach bhfuil bunús lena n-iarratas nó a bhfuil a n-iarratas doghlactha i gcomhréir leis an Treoir sin, cuirfear ar ais go dtí an Tuirc iad. Déanfaidh an Tuirc agus an Ghréig agus cabhair á fáil acu ó institiúidí agus ó ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, na bearta is gá agus comhaontóidh siad aon socruithe riachtanacha déthaobhacha is gá, lena n-áirítear go mbeidh oifigigh ón Tuirc i láthair ar oileáin na Gréige agus oifigigh ón nGréig i láthair sa Tuirc amhail ón 20 Márta 2016, lena chinntiú go n-oibreofar i gcomhar lena chéile agus nach gcuirfear aon bhac ar na socruithe sin. Is é an tAontas a chumhdóidh na costais a ghabhfaidh leis na himircigh neamhrialta a chur ar ais.

2) Déanfar Siriach amháin a athshocrú ón Tuirc go dtí an tAontas in aghaidh gach Siriaigh a chuirfear ar ais chuig an Tuirc ó oileáin na Gréige agus aird á tabhairt ar Chritéir Leochaileachta na Náisiún Aontaithe. Cuirfear sásra ar bun, le cabhair ón gCoimisiún, ó ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, ó Bhallstáit eile, agus ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, lena áirithiú go gcuirfear an prionsabal sin chun feidhme amhail ón lá a thosófar ag cur daoine ar ais. Tabharfar tosaíocht d'imircigh nach ndeachaigh isteach san Aontas go neamhrialta roimhe sin agus nach ndearna iarracht é sin a dhéanamh. Ó thaobh an Aontais de, rachfar i mbun athshocrú faoin sásra seo, ar an gcéad dul síos, trí urraim a thabhairt do na gealltanais a thug na Ballstáit sna conclúidí ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ar an 20 Iúil 2015, agus faoina bhfuil 18.000 áit fós ar fáil le haghaidh athshocrú. Is trí shocrú saorálach den sórt sin a

eagrófar aon riachtanas breise a thiocfaidh chun cinn maidir le hathshocrú, suas go dtí uasteorainn 54.000 duine breise. Is díol sásaimh do Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh go leasófaí an cinneadh maidir le hathshocrú a glacadh ar an 22 Meán Fómhair 2015 chun go bhféadfaí aon ghealltanas a tugadh i leith athshocrú faoin socrú seo a sheach-chur as na háiteanna nár leithdháileadh faoin gcinneadh. Déanfar athbhreithniú ar an sásra sin i gcás nach n-éireoidh leis na socruithe sin deireadh a chur leis an imirce neamhrialta agus i gcás ina mbeidh líon na ndaoine a chuirfear ar ais gar don líon dá bhforáiltear thuas. Cuirfear deireadh leis an sásra sin más mó líon na bhfillithe ná an líon a bhforáiltear dóibh thuas.

3) Déanfaidh an Tuirc aon bhearta is gá chun nach n-osclófar bealaí nua don imirce neamhdhleathach, ar muir ná ar tír, idir an Tuirc agus an tAontas Eorpach, agus comhoibreoidh sí leis na stáit chomharsanachta agus leis an Aontas Eorpach chuige sin.

4) Nuair a bheidh deireadh ag teacht leis na trasnuithe neamhrialta idir an Tuirc agus an tAontas Eorpach nó, ar a laghad ar bith, nuair a bheidh ísliú suntasach agus inbhuanaithe tagtha ar a líon, gníomhachtófar scéim shaorálach dhaonnúil don ligean isteach. Rannchuideoidh Ballstáit an Aontais leis an scéim sin ar bhonn saorálach.

5) Cuirfear dlús le comhlíonadh an treochláir maidir le léirscaoileadh víosaí, i ndáil leis na Ballstáit rannpháirteacha ar fad, féachaint le deireadh a chur leis na ceanglais víosaí do shaoránaigh na Tuirce faoi dheireadh mhí Mheithimh 2016 ar a dhéanaí, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na tagarmharcanna go léir. Chuige sin, déanfaidh an Tuirc an méid is gá chun na ceanglais atá fágtha a chomhlíonadh le go mbeidh sé ar chumas an Choimisiúin, ach a ndéanfar an measúnú a cheanglaítear a dhéanamh ar chomhlíonadh na dtagarmharc, togra iomchuí a thíolacadh faoi dheireadh mhí Aibreáin, a mbeadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar a bhonn.

6) I ndlúthchomhar leis an Tuirc, cuirfidh an tAontas Eorpach dlús le heisíoc na EUR 3 billiún a leithdháileadh i dtosach báire faoin tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc agus áiritheoidh sé go mbeidh maoiniú ar fáil le haghaidh tionscadal eile do dhaoine atá faoi chosaint shealadach, ar tionscadail iad a shaineofar, le hionchur mear ón Tuirc, roimh dheireadh mhí Márta. Déanfar an chéad liosta de thionscadail nithiúla do dhídeanaithe, ar tionscadail iad a fhéadfar a mhaoiniú go mear faoin tSaoráid seo, a shainaithint go comhpháirteach taobh istigh de sheachtain, go suntasach i réimse na sláinte, an oideachais, bonneagair, bia agus costas maireachtála eile. Nuair a bheidh na hacmhainní sin geall le bheith caite, agus ar an gcoinníoll go mbainfear amach na gealltanais thuasluaite, cuirfidh an tAontas Eorpach maoiniú breise EUR 3 billiún ar fáil don tSaoráid roimh dheireadh 2018.

7) Ba dhíol sásaimh don Aontas Eorpach agus don Tuirc an obair leanúnach atá á déanamh i ndáil leis an uasghrádú ar an aontas custaim.

8) D'athdhearbhaigh an tAontas Eorpach agus an Tuirc a tiomantas borradh a chur faoin bpróiseas aontachais mar a leagtar amach sa ráiteas comhpháirteach a rinne siad ar an 29 Samhain 2015. Ba dhíol sásaimh dóibh oscailt Chaibidil 17 ar an 14 Nollaig 2015 agus chinn siad, mar an chéad chéim eile Caibidil 33 a oscailt le linn Uachtaránacht na hÍsiltíre. Tá siad sásta go gcuirfidh an Coimisiún togra ar aghaidh chuige sin i mí Aibreáin. Leanfar leis an obair ullmhúcháin i ndáil leis na Caibidlí eile a oscailt ag luas géaraithe gan dochar do sheasaimh na mBallstát i gcomhréir leis na rialacha atá ann cheana.

9) Oibreoidh an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát as láimh a chéile leis an Tuirc maidir le haon iarracht chomhpháirteach a dhéanfaí chun feabhas a chur ar na dálaí daonnúla sa tSiria féin, go háirithe i limistéir áirithe gar do theorainn na Tuirce, le go mbeadh an pobal áitiúil agus na dídeanaithe araon in ann cónaí i limistéir a bheadh níos sábháilte ná mar atá.

Bogfar ar aghaidh leis na gnéithe seo ar fad i gcomhthreo agus déanfar faireachán orthu go comhpháirteach ar bhonn míosúil.

Shocraigh an tAontas Eorpach agus an Tuirc go dtiocfaidís le chéile arís de réir mar is gá, i gcomhréir leis an ráiteas comhpháirteach a rinne siad ar an 29 Samhain 2015.

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press